



Teideal an Phoist: Ardoifigeach Feidhmiúcháin

Freagrach do: An Clár bhainisteoir

Próifil an Phoist: Beidh an t-oifigeach freagrach as réimse leathan d'fheidhmeanna Fhoras na Gaeilge a bhaineann le stádas, sealbhú agus úsáid na Gaeilge a fhorbairt agus a chur i gcrích ar bhonn uile-oileáin agus as a bheith ag obair i ndlúthchomhar le baill foirne eile ar thionscadail agus thionscnaimh uile-oileáin.

Príomchúraimí

Cúraimí Straitéiseacha

- Feidhmeanna a bhaineann le stádas, sealbhú, agus le húsáid na Gaeilge a chur i gcrích agus a bheith ag obair i ndlúthchomhar le baill foirne eile ar thionscadail agus thionscnaimh uile-oileáin ar dhóigh atá ag teacht le spriocanna agus aidhmeanna Fhoras na Gaeilge.
- Tionscadail, scéimeanna agus cláir oibre a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm de réir spriocanna Fhoras na Gaeilge.
- Spriocanna cuí a fhorbairt de réir mar a aontófar leis an Fhoireann Ardbhainistíochta agus monatóireacht a dhéanamh orthu.

Cúraimí Oibríochtúla

- Cur i gcrích tionscnaimh chomhaontaithe a bhainistiú.
- Teagmháil a dhéanamh leis na forais reachtúla agus neamhreachtúla atá bainteach le stádas, sealbhú, agus úsáid na Gaeilge i measc grúpaí sainaitheanta agus comhairle a chur orthu.
- Teagmháil agus comhoibriú le heagraíochtaí deonacha maidir le stádas, sealbhú, agus le húsáid na Gaeilge.
- A bheith rannpháirteach mar bhall den fhoireann.

Cúraimí Airgeadais

- Buiséad tionscadal a bhainistiú ó lá go lá.
- Tuairisciú don Chlár bhainisteoir ar fheidhmíocht airgeadais.
- Géilliúlacht na foirne do mhodhanna imeachta agus threoirínte airgeadais a mhaoirsiú.



- Iarratais ar scéimeanna a mheas ó lá go lá agus moltaí a dhéanamh ina leith.

Cúraimí Pearsanra

- A chinntiú go gcomhlíonann na baill foirne atá ag tuairisciú dó/di polasaithe agus modhanna imeachta Fhoras na Gaeilge.
- Feidhmíocht na mball foirne a bheidh ag tuairisciú go díreach dó/di a bhainistiú.
- Tuairisciú don Chlár bhainisteoir ar chur i gcrích cuspóirí foirne agus pearsanta.

Cúraimí Cumarsáide

- Freastal ar chruinnithe foirne agus stiúirthóireachta.
- Cruinnithe rannóige a ghlaoch de réir mar is cuí.
- Teagmháil a choinneáil le réimse leathan de pháirtithe cuí maidir le ceisteanna a bhaineann le stádas, sealbhú, agus le húsáid na Gaeilge.

Tugtar an méid seo thuas mar threoir ghinearálta ar chúraimí agus fhreagrachtaí. Ní cur síos iomlán ar na tascanna uile é.